**Nuashonrú ó FSS do bhainisteoirí Fhoghlaim agus Cúraim na Luath-Óige (ELC) agus Cúraim Leanaí ar Aois Scoile (SAC) agus do phríomhoidí scoile maidir leis na hathruithe ar thástáil agus rianú teagmhálaithe maidir le Covid-19 gcás leanaí, ó 3 mhí d'aois go dtí faoi bhun 13 bliana d'aois (agus lena n-áirítear gach leanbh atá ag freastal ar an mbunscoil)**

- Ag teacht le moltaí ón bhFoireann Náisiúnta um Éigeandáil sa tSláinte Phoiblí, aontaíodh, ón 27 Meán Fómhair ar aghaidh, nach molfaí rianú teagmhálaithe a dhéanamh go huathoibríoch a thuilleadh ar dhlúth-theagmhálaithe nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu i gcás leanaí atá os cionn 3 mhí d'aois agus faoi bhun 13 bliana d'aois, in áiseanna ELC agus SAC, i mbunscoileanna ná i ngrúpaí sóisialta agus spóirt.

- Ciallaíonn sé sin, i gcás leanaí atá idir 3 mhí agus 13 bliana d'aois agus a aimsítear mar dhlúth-theagmhálaí i suíomhanna ELC / SAC nó oideachais, i ngrúpaí sóisialta nó spóirt, nó i suíomhanna eile taobh amuigh den líon tí agus ar leanaí iad **nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu**, nach gá dóibh a thuilleadh srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí mar ghnáthchleachtas.

- Ní dhéanfar tástáil uathoibríoch le haghaidh COVID-19 a thuilleadh ar dhlúth-theagmhálaithe **nach bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu** i suíomhanna ELC / SAC nó oideachais, i ngrúpaí sóisialta nó spóirt, nó i suíomhanna eile taobh amuigh den líon tí; ina ionad sin beidh an tástáil dírithe ar ghalar a léiríonn comharthaí agus atá ábhartha go cliniciúil. Aistreofar go dtí tástáil le haghaidh gníomh sláinte poiblí agus faireachais faoi mar a léirítear ar chúiseanna sláinte poiblí agus cliniciúla.

- Fós féin, déanfar measúnú sláinte poiblí ar chásanna agus ar ráigeanna i suíomhanna riachtanas speisialta oideachais agus i gcúram faoisimh, agus d'fhéadfadh sé go mbeadh sé riachtanach fós féin leanaí a aimsiú mar dhlúth-theagmhálaithe, iad a chur ar aghaidh le haghaidh tástála agus srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí. Mar sin féin, ní iarrfar orthu go hiondúil ach srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí ar feadh cúig lá agus cuirfear ar aghaidh iad le haghaidh tástáil amháin do Covid-19.

- Beidh ar leanaí atá idir 3 mhí d'aois agus 13 bliana d'aois agus a aimsíodh **mar dhlúth-theagmhálaithe sa líon tí** agus nach bhfuil vacsaínithe go hiomlán nó nár diagnóisíodh mar chás deimhnithe de Covid-19 le 9 mí anuas (fiú mura bhfuil aon chomharthaí á léiriú acu) srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí fós féin agus dul faoi thástáil le haghaidh Covid-19. Tá leanbh ina d(h)lúth-theagmhálaí lín tí má bhí sé/sí i láthair thar

oíche i líon tí ina raibh cás de Covid-19 fad agus a bhí an cás tógálach. D'fhéadfadh a dteach féin nó teach duine eile a bheith i gceist ansin, mar shampla. Ieanaí a d'fhéadfadh a bheith ag codladh thar oíche le teaghlach nó cairde.

- Tá an chomhairle sláinte poiblí ag fanacht mar an gcéanna do leanbh ar bith atá idir 3 mhí d'aois agus 13 bliana d'aois agus a bhfuil comharthaí á léiriú aige/aici atá ag teacht le Covid-19 - ba cheart dó/di féin-aonrú láithreach, níor cheart dó/di freastal ar ionad cúraim leanaí ná ar scoil ná bualadh le daoine eile agus ba cheart dó/di an chomhairle sláinte poiblí reatha a leanúint. Féach anseo chun tuilleadh eolais a fháil.

**Comhairle Sláinte Poiblí Leanúnach**

Má tá tú incháilithe le haghaidh vacsaín Covid-19, moltar duit an vacsaín a fháil, tá tuilleadh eolais maidir le vacsaíní Covid-19 ar fáil ag www.hse.ie

Beidh na bearta ar fad um ionfhabhtú, chosc, rialú agus maolú, a mholtar faoi láthair do ELC / SAC, do scoileanna agus do ghrúpaí spóirt/sóisialta i bhfeidhm i gcónaí.

Ba cheart go mbeadh teaghlaigh agus áiseanna ELC / SAC, oideachais, spóirt agus sóisialta dírithe go fóill ar leanaí a bhfuil comharthaí nua á léiriú acu a aimsiú, ar comharthaí iad a d'fhéadfadh a bheith ag teacht le Covid-19 agus leanaí den chineál sin a choinneáil astu féin go bhféadfaidh a ndochtúir measúnú a dhéanamh ar an ngá atá le tástáil nó ar a riachtanais chliniciúla.

## Cad a chiallaíonn sé sin do m'áis/mo scoil?

Más ELC / SAC nó áis bhunscoile thú, ciallaíonn sé sin má fhaigheann tú eolas faoi chás de Covid-19 a d'fhreastail ar d'áis nó ar do scoil le déanaí, nach gá duit teagmháil dhéanamh le FSS, agus ní rachaidh FSS i dteagmháil leat mar ghnáthchleachtas.

I gcás linbh a aimsíodh roimhe seo mar dhlúth-theagmhálaí ag cás de Covid-19 (seachas dlúth-theagmhálaí lín tí) agus nach bhfuil comharthaí á léiriú aige/aici, ní mholfar dó/di ná ní éileofar air/uirthi srian a chur lena c(h)uid gluaiseachtaí agus go ndéanfaí tástáil air/uirthi ó d'áis/do scoil.

Moltar i gcónaí súil ghéar a choinneáil ar leanaí le haghaidh comharthaí atá ag teacht le Covid-19.

Ba cheart go mbeadh na bearta go léir um chosc agus rialú ionfhabhtuithe, lena n-áirítear faighneoga agus bearta maolaithe, i bhfeidhm i gcónaí.

Tá cead ag leanbh ar bith a aimsíodh roimhe seo mar dhlúth-theagmhálaí ag cás lasmuigh den teach nó den suíomh um riachtanais speisialta oideachais / chúram faoisimh agus atá amuigh faoi láthair agus srian á chur aige/aici lena c(h)uid gluaiseachtaí, filleadh ar áiseanna ELC / SAC, scoileanna, clubanna etc, fad agus nach bhfuil aon chomharthaí de Covid-19 á léiriú aige/aici ón Luan an 27 Meán Fómhair. Ní gá dó/di teacht i láthair le haghaidh tástála sula bhfilleann sé/sí. Ba cheart do leanaí a aimsíodh mar dhlúth-theagmhálaithe laistigh de scoil um riachtanais speisialta oideachais, de rang speisialta nó de chúram faoisimh, srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí fós féin nó go mbeidh 5 lá de ghluaiseachtaí srianta curtha i gcrích acu. Ní mór do leanaí a aimsíodh mar dhlúth-theagmhálaithe trí chás den ionfhabhtú sa líon tí, mar shampla tuismitheoir a bhfuil Covid-19 air/uirthi, srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí fós féin.

### Cén fáth a bhfuil na hathruithe sin á ndéanamh?

Tá an chomhairle seo á tabhairt de bhrí go bhfuil vacsaíní atá éifeachtach in aghaidh Covid-19 ar fáil anois agus go bhfuil clár vacsaínithe láidir faoi lán seoil in Éirinn le haghaidh leanaí atá dhá bhliain déag d'aois agus níos sine. Cé go bhfuil gá fós le réamhchúramaí chun tabhairt isteach agus scaipeadh an víris a chosc, tá sé cruthaithe go laghdaíonn vacsaíní scaipeadh Covid-19 agus go laghdaíonn siad an baol go mbuailfidh drochghalar daoine inár bpobail agus go gcaithfidh daoine seal a chaitheamh san ospidéal.

### An mbaineann sé seo, mar shampla, le scoileanna um riachtanais speisialta oideachais, nó le ranganna um riachtanais speisialta oideachais laistigh de bhunscoileanna, chúram?

Ní bhaineann. I gcás scoileanna agus ranganna um riachtanais speisialta oideachais (SEN), leanfaidh an fhoireann Sláinte Poiblí ag déanamh teagmhála leat nuair a thugtar fógra dóibh maidir le cás de Covid-19 laistigh de do shuíomh. Déanfar Measúnú Riosca Sláinte Poiblí (PHRA), agus d'fhéadfadh sé go mbeadh ar leanaí a aimsíodh mar dhlúth-theagmhálaithe srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí agus dul le haghaidh tástála fós féin. Mar sin féin, ní iarrfar orthu go hiondúil ach srian a chur lena gcuid gluaiseachtaí ar feadh cúig lá agus cuirfear ar aghaidh iad le haghaidh tástáil amháin do Covid-19. Tá sé sin á dhéanamh chun cothromaíocht a aimsiú idir an tréimhse bhreathnóireachta le haghaidh comharthaí ionfhabhtaithe i gcás leanaí agus tástáil ag an am is oiriúnaí, agus ag an am céanna gan fad a chur le srian ar ghluaiseachtaí agus an dochar a dhéanann na srianta sin do leanaí.

## Leanaí agus Covid-19

Ó thosaigh paindéim Covid-19, fuaireamar amach[1]:

- Gur cosúil gur mó an seans nach mbeidh chomharthaí á léiriú ag leanaí nó go mbeidh galar éadrom orthu. Féach anseo chun eolas a fháil maidir le comharthaí
- Go dtugann iniúchadh ar chásanna a aimsíodh i scoileanna le tuiscint nach bhfuil scaipeadh ó leanbh go leanbh coitianta i scoileanna agus nach é sin an phríomhchúis atá le hionfhabhtú Sars-CoV-2 i leanaí, go háirithe i suíomhanna réamhscoile agus bunscoile
- Gurb annamh a aimsítear leanaí mar an bealach ina scaiptear an galar chuig suíomh teaghlaigh
- Nach bhfuil an baol go scaipfidh leanaí ionfhabhtú chuig daoine eile níos mó ná an baol go scaipfidh daoine fásta é.